

An Garda Síochána Straitéis Sláinte agus Folláine 2026 – 2030





An Garda Síochána

Ag Coinneáil Daoine Sábháilte - Keeping People Safe

Clár Ábhair

Réamhrá an Choimisinéara

Réamhrá ón bPríomhoifigeach Leighis (POL)

Suirbhé Sláinte agus Folláine 2024

Sracfhéachaint ar Thorthaí

an tSuirbhé Léargais bhreise

a úsáidtear An fhís

Sláinte Cheirde agus Cumas Oibre

Réimsí Fócais

- Acmhainní Reatha a Chur in Iúl, a Fheabhsú agus a Leathnú
- Folláine Shíceolaíoch agus Meabhairshláinte
- Sláinte Fhisiciúil
- Ceangal agus Cumasú

Aitheantas

Réamhrá leis an gCoimisinéir

Tá áthas orm Straitéis Sláinte agus Folláine an Gharda Síochána a chur i láthair. Braitheann sábháilteacht agus slándáil ár bpobal ar thiomantas, ar ghairmiúlacht agus ar theacht aniar ár ndaoine. Dá bhrí sin, is freagracht agus tosaíocht dúinn araon é a chinntiú go gcosnaítear agus go dtacaítear go gníomhach le sláinte, folláine agus leas phearsanra an Gharda Síochána ar fud ár n-eagraíochta.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach pearsanra de chuid na heagraíochta a ghlac páirt inár Suirbhé Sláinte agus Folláine le déanaí. Léiríonn sa ráta rannpháirtíochta 41.9% a baineadh amach leibhéal láidir rannpháirtíochta agus

tiomantas comhroinnte do thimpeallacht oibre níos sláintiúla a mhúnlú. Bhí d'aiseolas thar a bheith luachmhar maidir le bonn eolais a chur faoin Straitéis seo agus a chinntiú go léiríonn sé na fíor-eispéiris, na dúshláin agus na riachtanais a bhaineann lenár fórsa oibre.

Cruthaíonn dúshláin phóilíneachta agus slándála nua-aimseartha éilimh shuntasacha atá ag teacht chun cinn. Feidhmíonn ár bpearsanra i dtimpeallacht a bhfuil castacht, ionchais mhéadaithe an phobail, nochtadh do theagmhais thrámacha agus athrú tapa sochaíoch mar shaintréith aici. Is féidir leis na brúnna sin tionchar carnach a bheith acu ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach agus shíceolaíoch. Tá sé riachtanach, mar eagraíocht, go n-aithnímid na dúshláin sin agus go bhfreagraímid go réamhghníomhach le tacaíochtaí fiúntacha.

Tá an Straitéis seo ag teacht go daingean lenár dtosaíochtaí eagraíochtúla mar a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach 2026-2028. Go háirithe, tacaíonn sé lenár dtiomantas do thacaíochtaí meabhairshláinte a leathnú agus ár seirbhísí sláinte ceirde a neartú, ag cinntiú go bhfuil cúnamh inrochtana, rúnda agus gairmiúil ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu. Ní tionscnaimh neamhspleácha iad na feabhsuithe sin ach tá siad mar chuid de chur chuige níos leithne, comhtháite i leith sláinte agus folláine an lucht saothair.

Tá lántacaíocht Fheidhmeannas an Gharda Síochána agus na Foirne Ceannaireachta Sinsearaí ag an Straitéis seo. Ní freagracht aonair amháin atá i gceist le sláinte agus folláine; is freagracht cheannaireachta í. Táimid tiomanta do chultúr a chothú ina mbraitheann daoine go bhfuil tacaíocht, meas agus cumhacht acu chun cabhair a lorg nuair is gá. Leanfaimid orainn ag tógáil timpeallachta ina bhfuil sláinte agus folláine leabaithe sa chaoi a n-oibrímid, a dtreoraímid agus a bhfreastalaímid uirthi.

Chun an Straitéis seo a chur i gcrích beidh gá le hiarracht leanúnach, idirphlé oscailte agus comhúinéireacht. Le chéile, is féidir linn ionad oibre a chruthú a fhreastalaíonn ní hamháin ar éilimh na póilíneachta agus na slándála nua-aimseartha, ach a chosnaíonn na daoine a dhéanann an obair ríthábhachtach sin gach lá freisin.

Ní tionscnaimh neamhspleácha iad na feabhsuithe sin ach tá siad mar chuid de chur chuige níos leithne, comhtháite i leith sláinte agus folláine an lucht saothair.

An Coimisinéir

Justin Kelly

An Garda Síochána



Réamhrá ón bPríomhoifigeach Leighis (POL)

Is í an Straitéis Sláinte agus Folláine 2026-2030 an chéad chaibidil eile inár dtiomantas leanúnach do thacú le sláinte agus folláine phearsanra an Gharda Síochána atá ag obair sa Gharda Síochána.

Tógann an Straitéis seo ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh ó 2018, nuair a sainaithníodh i *dTuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn* an gá atá le hathrú bunúsach ar an gcaoi a dtéann an eagraíocht i ngleic le sláinte agus folláine phearsanra an Gharda Síochána. Go sonrach, éilíodh le *Moladh 34* go bhforbrófaí cur chuige cuimsitheach agus réamhghníomhach chun tacú le Sláinte agus Folláine sa Gharda Síochána.

Ó shin i leith, tá dúshraith thábhachtach leagtha síos againn tríd an straitéis roimhe seo, lena ndearnadh tacaíochtaí atá ann cheana a fheabhsú, tacaíochtaí nua a chur leo, agus aghaidh a thabhairt ar an stiogma maidir le meabhairshláinte san eagraíocht. Is céim thábhachtach é an t-aiseolas a bailíodh le linn ár Suirbhé Náisiúnta Sláinte agus Folláine i mí na Samhna 2024 chun ár dtreo amach anseo a mhúnlú agus cláir agus tionscnaimh náisiúnta a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach chun sláinte agus folláine phearsanra an Gharda Síochána a chur chun cinn agus tacú leo.

Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí le gach duine a ghlac páirt sa suirbhé agus a chuaigh i ngleic le forbairt na Straitéise seo. Chuir do ghuthanna, d'eispéiris, agus do léargais bonn eolais faoinár bhfís chomhchoiteann agus neartaigh siad í.

Dírítear sa Straitéis 2026-2030 seo ar cheithre thosaíocht idirnasctha a sainaithníodh trí thorthaí an tsuirbhé:

1. Acmhainní Reatha a Chur in Iúl, a Fheabhsú agus a Leathnú –
Cuirfimid feabhas ar fheasacht agus ar inrochtaineacht na dtacaíochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair, agus ag an am céanna déanfaimid athbhreithniú ar bhearnaí agus tabharfaimid isteach seirbhísí nua chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn.
2. Folláine Shíceolaíoch agus Meabhairshláinte –
Leanfaimid orainn ag tabhairt aghaidh ar an stiogma, ag soláthar idirghabhálacha luatha, agus ag cinntiú gur féidir lenár ndaoine rochtain a fháil ar thacaíochtaí síceolaíocha faoi rún ar ardchaighdeán aon uair agus aon áit a dteastaíonn siad uathu.
3. Sláinte Fhisiciúil –
Cuirfimid timpeallacht oibre shláintiúil chun cinn, spreagfaimid iompraíochtaí coisctheacha sláinte, agus cuirfimid tionscnaimh shainoiriúnaithe sláinte coirp ar fáil a bhaineann le héilimh na ról póilíneachta.
4. Ceangal agus Cumhachtú –
Tógfaimid cultúr a thugann tús áite do mhuinín, do chuimsiú agus do mheas – áit a mbraitheann daoine go bhfuil meas orthu, go gcloistear iad agus go dtacaítear leo ina dturais sláinte agus folláine aonair agus foirne araon.

"Ina chroílár, tá an Straitéis seo mar thoradh ar éisteacht le guthanna ár ndaoine agus freagairt dóibh maidir leis an idirghníomhú idir a gcuid oibre agus a sláinte agus a bhfolláine. Fágann sé sin, dúinne mar eagraíocht, ní hamháin gur oibleagáid mhorálta ach gur oibleagáid straitéiseach í go ndéantar infheistíocht i sláinte agus folláine ár ndaoine, agus is í ár gcomhfhreagracht í chomh maith."

An Dr. Oghenovo Oghuvbu,

Treochtaí atá ag teacht chun cinn

Treocht atá ag teacht chun cinn a théann i bhfeidhm go mór ar shláinte agus ar fholláine phearsanra an Gharda Síochána is ea an leitheadúlacht mhéadaitheach a bhaineann le nochtadh diúltach ar na meáin shóisialta mar chuid dá ról. Is féidir le grinnschrúdú poiblí méadaithe, mí-úsáid ar líne, agus scaipeadh tapa na mífhaisnéise éifeachtaí síceolaíocha as cuimse a bheith acu ar phearsanra na nGardaí, lena n-áirítear strus méadaithe, imní, agus damáiste do chúl. Is féidir leis an mbrú digiteach sin síneadh níos faide ná an duine aonair, rud a théann i bhfeidhm ar a dteaghlaigh a bhféadfadh anacair a bheith orthu freisin dá dheasca. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá sásraí tacaíochta saincheaptha riachtanach, lena n-áirítear oiliúint athléimneachta digití, rochtain ar

sheirbhísí tacaíochta síceolaíochta, prótacail shoiléire chun ciapadh ar líne a bhainistiú, agus cumarsáid réamhghníomhach leis an bhfoireann agus lena dteaghlaigh. Beidh sé ríthábhachtach líonraí tacaíochta píaraí a neartú agus tacaíochtaí folláine atá cuimsitheach do theaghlaigh a thairiscint chun sláinte agus folláine an lucht saothair póilíneachta a chur chun cinn agus a chosaint.

Ina chroílár, baineann an Straitéis seo le héisteacht le guth ár ndaoine agus freagairt dó. Aithnímid gur jab dian é an phóilíneacht – ach is jab é ar fiú é a dhéanamh freisin, agus is fiú é a dhéanamh go maith. Lena chinntiú gur féidir lenár ndaoine leanúint ar aghaidh ag fónamh le gairmiúlacht, comhbhá agus athléimneacht, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na struchtúir, na tacaíochtaí agus an cultúr ceart i bhfeidhm chun a sláinte agus a bhfolláine a chosaint le linn a ngairmeacha beatha.

02

*Ár gcumas a
fhorbairt agus
a mhéadú*

Ár nDaoine

Cinnteoimid go mbraitheann ár ndaoine go dtacaítear leo, go bhfuil meas orthu agus go n-aithnítear iad, agus gur féidir leo rath a bhaint amach i gcultúr cuimsitheach sláinte agus folláine.

Ár

nEagraíocht

Cuirfimid feabhas ar chumas ár n-eagraíochta chun seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar ar scála mór.

Ár dTodhchaí

Oibreoimid chun na bagairtí straitéiseacha, na dúshláin agus an cur isteach sa todhchaí a aithint, chun tuiscint a fháil orthu agus chun ullmhú dóibh.

Ní hamháin gur oibleagáid mhorálta í infheistíocht a dhéanamh i sláinte agus folláine ár bpearsanra — is oibleagáid straitéiseach í freisin. Ailíníonn sé go díreach leis an gcumasóir *Ár nDaoine* i bPlean Straitéiseach uileghabhálach ár n-eagraíochta do 2026-2028, ag treisiú ar ár dtiomantas do sheirbhís phóilíneachta ghairmiúil, inbhuanaithe agus faoi threoir luachanna a thógáil.

Tá fíis na Stiúrthóireachta Sláinte agus Folláine Ceirde don Gharda Síochána soiléir i gcónaí: an tacaíocht a choinneáil dár ndaoine (KOPS), ionas gur féidir linn leanúint ar aghaidh le daoine agus pobail a choinneáil sábháilte i dteannta a chéile. Leis an Straitéis seo, is é is aidhm dúinn eagraíocht níos sláintiúla, níos nasctha agus níos eolasaí a thógáil inar féidir le gach duine aonair rath a bhaint amach ina sláinte agus ina bhfolláine.

An Dr Oghenovo Oghuvbu,

An Príomhoifigeach Leighis / Stiúrthóir

Feidhmiúcháin, Sláinte agus Folláine

Ceirde,

An Garda Síochána

Suirbhé Sláinte agus Folláine 2024

Ó 2018 i leith, tá an Garda Síochána tiomanta do mholtaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (CoFPI) a chur i bhfeidhm chun tús áite a thabhairt do shláinte agus d'fholláine fostaithe. Tionscnamh lárnach ab ea Straitéis Sláinte agus Folláine 2021-2025, a raibh sé d'aidhm aici cultúr tacaíochta a leabú faoin gcreat “An Tacaíocht a Choinneáil dár nDaoine” (KOPS - Keeping Our People Supported).

Chun bonn eolais a chur faoin gcéad Straitéis sláinte agus folláine eile (2026+), choimisiúnaigh an Garda Síochána Sia chun Suirbhé Sláinte agus Folláine a dhéanamh in 2024, ag tógáil ar shuirbhé 2019. Rinneadh é a thabhairt amach do 17,795, phearsanra, agus sa suirbhé rinneadh measúnú ar shláinte ghinearálta agus mheabhrach, ar fhachtóirí a bhain le stíl mhaireachtála, ar strusóirí san ionad oibre, agus ar éifeachtacht na dtacaíochtaí atá ann cheana.

Sa suirbhé rinneadh iniúchadh ar phríomhthionchair sláinte, lena n-áirítear:

- Stíl Mhaireachtála: Aiste bia, codladh, ól alcóil, caitheamh tobac, agus iompar neamhghníomhach.
- Fachtóirí san Ionad Oibre: Strus, tráma, nochtadh ar na meáin shóisialta, cultúr eagraíochtúil, agus rochtain ar threalamh agus áiseanna.
- Tacaíochtaí Folláine: An úsáid agus an sásamh a bhaintear as seirbhísí tacaíochta inmheánacha agus seachtracha.

Freagraí an tSuirbhé agus Déimeagrafaic

Rinneadh an suirbhé idir an 25 Samhain agus an 16 Nollaig 2024. Fuarthas 7,459 bhfreagra, rud a d'fhág go raibh ráta rannpháirtíochta 41.9% ann. Ba é 6,112 líon na suirbhéanna a tugadh chun críche agus bhí ráta críochnaithe 34.4% mar thoradh air sin. Chomhlíon 802 shuirbhé iomlána páirteacha sa bhreis na critéir atá le háireamh de réir na modheolaíochta, as ar eascair 6,914 shuirbhé san iomlán san áireamh san anailís, 39% de spriocdhaonra an tsuirbhé.


Príomhléargais dhéimeagrafacha:	
Róil	Baill den Gharda Síochána ab ea 75% de na freagróirí, agus bhí 25% díobh ina mBaill Foirne den Gharda Síochána.
Inscne	Ba fhir iad 59.6%, ba mhná iad 40.3%, agus aithníodh 0.1% mar dhaoine eile.
Sceideal Oibre	D'oibrigh 66% de na freagróirí go léir i róil sealbhunaithe.
Blianta Seirbhíse	Tá os cionn 10 mbliana seirbhíse ag 65% de na freagróirí go léir.

Bhí an miondealú idir Baill an Gharda Síochána agus freagróirí Foirne an Gharda Síochána ag teacht le cóimheas an fhórsa saothair iomláin agus chinntigh sé sin go raibh na torthaí suntasach ó thaobh staitistice de, agus go raibh siad ionadaíoch ar an eagraíocht ina hiomláine.


Foilsíodh an tuarascáil iomlán ar thorthaí an tsuirbhé i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus tá sí ar fáil ar thairseach na nGardaí.

Sracfhéachaint ar Thorthaí an tSuirbhé

Déimeagrafaic




Ráta
Rannpháirtíochta
7,459
Freagraí ar an Ráta
Rannpháirtíochta



Meabhairshláinte agus Folláine

Dáileadh an Gharda Síochána maidir le Folláine Mheabhrach i gcoinne



Ba é a leanas an meánscore
meabhairshláinte féinmheasúnaithe ar
scála ó 1 go 10

6.7

(i gcás gurb é 1 an ceann is lú folláine
agus 10 an ceann is fearr folláine)

Sláinte

Thuairiscigh 59%

de na freagróirí ar fad go raibh siad féin i sláinte
mhaith nó an-mhaith ar bhonn ginearálta

Tá 55% agus 70%

de Bhaill an Gharda Síochána
i sláinte mhaith nó i sláinte an-mhaith

de Bhaill Foirne an
Gharda Síochána

Fachtóirí Stíl Mhaireachtála



Is é an bac is mó ar aiste bia níos
sláintiúla ná srianta ama



Codlaíonn 36% de na freagróirí ar feadh
7-9 n-uaire an chloig in aghaidh na
hoíche, an méid a mholtar le haghaidh
codladh sláintiúil



Tá laghdú beag ann, nach laghdú
suntasach é ar bhonn staidrimh i %
na ndaoine aonair nach gcaitheann
tobac ná nach gcaitheann galtoitíní,
ó 81% in 2019

Fachtóirí san Ionad Oibre

49%		Thuairiscigh 49% de na freagróirí go raibh siad nochta do na meáin shóisialta maidir lena ról. As na freagróirí sin bhí mothúcháin dhiúltacha ag 40% dá dheasca
66%		Chuir 66% de na freagróirí síos go raibh a gcuid oibre réasúnta éileamhach nó an-éileamhach ar bhonn mothúcháinach
62%		Ní bheadh 62% de na freagróirí compordach le saincheisteanna meabhairshláinte a nochtadh
86%		Bhí an giúmar measartha maith, agus 86% acu a rá go raibh giúmar réasúnta, maith nó iontach orthu
66%		Bhí strus ar 66% de na freagróirí go dtí an pointe go bhfuil tionchar aige ar a sláinte agus ar a bhfolláine
74%		Bhí strus den chineál sin ar 74% de Bhaill an Gharda Síochána

Tacaíochtaí Meabhairshláinte agus Folláine

	Tá rogha láidir ag freagróirí maidir le tacaíochtaí nach tacaíochtaí eagraíochta iad (mar shampla: teaghlach, dochtúir teaghlaigh, cairde)
	I measc na mbacainní ar thacaíochtaí eagraíochtúla a úsáid bhí: • Stiogma • Easpa Iontaofachta • Éilimh an Ualaigh Oibre • Srianta Ama
	Na tacaíochtaí neamhchliniciúla is mó a bhfuil rochtain orthu: • Inspire Wellbeing 24/7 (ar a dtugtar Lena by Inspire anois) • Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe an Gharda Síochána • Líonra Tacaíochta Píaráí

Léargais bhreise a úsáideadh

Measúnú fianaise tapa ar idirghabhálacha chun athléimneacht, meabhairshláinte agus folláine bhaill agus bhaill foirne an Gharda Síochána a chur chun cinn.

In 2024, choimisiúnaigh an Garda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta measúnú fianaise mear chun tuiscint a fháil ar ‘cad a oibríonn’ maidir le folláine, meabhairshláinte agus athléimneacht na gcéad fhreagróirí/ pearsanra na seirbhíse gormsholais a fheabhsú (i.e. póilíní, seirbhís dóiteáin, otharcharr, agus cuardach agus tarrtháil). Foireann neamhspleách taighdeoirí ó Ollscoil Huddersfield a thug faoin measúnú fianaise mear.

Is cur chuige struchtúrtha agus dian é measúnú fianaise mear a bhaineann le cuardach agus achoimre a dhéanamh ar fhianaise atá ann cheana féin ar ábhar ar leith. Sa chás seo, díríodh ar staidéir a thástáil éifeachtacht straitéisí agus idirghabhálacha a ceapadh chun sláinte agus folláine póilíní, dóiteáin, otharchairr, nó pearsanra cuardaigh agus tarrthála a chur chun cinn. Chomh maith le hachóimre a dhéanamh ar thorthaí an staidéir, rinneadh leis an measúnú fianaise mear breithmheas freisin ar cháilíocht na modhanna taighde a úsáidtear. Tá sé seo tábhachtach toisc gur mó an seans go gcuirfidh staidéir ‘ar chaighdeán níos fearr’ faisnéis iontaofa ar fáil faoi cé chomh héifeachtach is atá straitéis nó idirghabháil i ndáiríre.

An Fhís

Leagtar amach sa doiciméad seo treochlár cuimsitheach chun eagraíocht phóilíneachta nua-aimseartha atá dírithe ar dhaoine a thógáil ina mbraitheann pearsanra an Gharda Síochána go bhfuil tacaíocht, eolas agus acmhainní acu chun rath a bhaint amach ina sláinte agus ina bhfolláine. Tugtar breac-chuntas ann ar cheithre réimse fócais idirnasctha – Cumarsáid agus Acmhainní, Folláine Shíceolaíoch, Sláinte Fhisiciúil, agus Ceangal agus Cumhachtú – gach ceann ailínithe leis an bhfís uileghabhálach de Thacaíocht a Choinneáil d'Ár nDaoine de réir an mhisin phóilíneachta chun Daoine a Choinneáil Sábháilte.

Féachtar leis an Straitéis le tacaíochtaí atá ann cheana a fheabhsú, cuirtear féinchúram chun cinn inti, tugtar aghaidh inti ar stiogma na meabhairshláinte, feabhsaítear inti cultúr na heagraíochta, agus neadaítear inti sláinte agus folláine i ngach leibhéal den eagraíocht.

Sa Straitéis seo tugtar breac-chuntas ar thiomantas leanúnach do dhálaí oibre a fheabhsú, beidh feasacht faoi chúrsaí meabhairshláinte, agus sláinte agus folláine fhoriomlán riachtanach chun a chinntiú go bhfuil an tacaíocht ann a theastaíonn ó gach fostaí de chuid an Gharda Síochána chun a bheith rathúil, ar bhonn pearsanta agus ar bhonn gairmiúil.



Sláinte Cheirde agus Cumas Oibre

Tagraíonn cumas oibre don mhéid is féidir le duine aonair a gcuid oibre a dhéanamh, anois agus amach anseo, maidir le héilimh an phoist, a sláinte agus a gcumas feidhmiúil, a scileanna agus a n-inniúlachtaí, agus an tacaíocht a chuireann an eagraíocht ar fáil.

Aithnítear ann go mbaintear feidhmíocht oibre inbhuanaithe amach nuair a bhíonn cothromaíocht mhaith ann idir éilimh oibre agus acmhainní fisiciúla, meabhrach, agus sóisialta fostaí.

Tá cur chuige iomlánaíoch agus coisctheach mar bhonn agus mar thaca ag coincheap an chumais oibre, lena n-aithnítear go bhfuil ról ag an tsláinte, ag an bhfolláine, ag an inniúlacht, ag an timpeallacht oibre, ag an gceannaireacht, agus ag cultúr na heagraíochta maidir le cur ar chumas daoine fanacht sláintiúil, rannpháirteach agus táirgiúil ag an obair feadh a saol oibre, agus riachtanais a ról phóilíneachta á gcur san áireamh a bhféadfadh nochtadh do thráma, sealobair, cásanna ardriosca, grinnscrúdú poiblí, agus cinnteoireacht chasta faoi bhrú a bheith i gceist leo.

Soláthraítear colún Sláinte Ceirde an chreata um Chumas Oibre nasc criticiúil idir seirbhís sláinte ceirde an Gharda Síochána agus an Straitéis Sláinte agus Folláine níos leithne. Dírítear leis an gcolún seo ar thacaíocht a thabhairt d'fhostaithe a gcumas chun oibre a chothabháil agus a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar thosca sláinte fisiciúla, síceolaíocha agus sóisialta. Chomh maith le rochtain ar thacaíocht chliniciúil sláinte ceirde a fheabhsú, ionchorpróidh an colún seo tionscnaimh spriocdhírithe sláinte agus folláine a chuireann feachtas, oideachas agus luath-idirghabháil chun cinn.

Aithnítear i gcur chuige maidir le cumas oibre go mbraitheann éifeachtacht oibríochtúil a choinneáil ar thacú go réamhghníomhach le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach araon, inniúlacht agus athléimneacht a chothú, agus timpeallacht oibre thacúil agus cultúr ceannaireachta a sholáthar. Tá ról lárnach ag an tsláinte cheirde laistigh den chreat seo, ag tairiscint tacaíocht chliniciúil speisialaithe chun drochshláinte a bhaineann leis an obair a chosc, díobháil ar dualgas agus riochtaí fadtéarmacha a bhainistiú, agus athshlánú tráthúil agus filleadh ar an obair a éascú. Comhlánaítear é sin le tionscnaimh sláinte agus folláine níos leithne, lena n-áirítear oideachas sláinte, clár feachtas, agus idirghabhálacha spriocdhírithe amhail an clár maidir le feachtas faoin meanapás san ionad oibre agus clár maidir le feachtas faoi shláinte phróstataigh, lena n-áiríthítear cur chuige cuimsitheach a léiríonn riachtanais éagsúla lucht saothair póilíneachta nua-aimseartha.

Trí chumas oibre a leabú sa Straitéis Sláinte agus Folláine, geallann an Garda Síochána samhail choisctheach, chomhcheangailte a thacaíonn le pearsanra an Gharda Síochána le linn a ngairmeacha beatha, a fheabhsaíonn folláine agus rannpháirtíocht, agus a chothaíonn seirbhís phóilíneachta chumasach, athléimneach agus éifeachtach do na pobail a bhfreastalaíonn sé orthu.



obair a dhéanamh go diongbháilte > saoire bhliantúil a ghlacadh > do chuid ama a bhainistiú > do strus a bhainistiú > folláine fhisiciúil

Réimse fócais 1: Acmhainní atá ann cheana a Chur in Iúl, a Fheabhsú agus a Leathnú

Cuirfimid feabhas ar fheasacht agus ar inrochtaineacht na dtacaíochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair, agus ag an am céanna déanfaimid athbhreithniú ar bhearnaí agus tabharfaimid isteach seirbhísí nua chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn.

Uimh.	Spriocanna	Tag. do Gníomhaíochtaí	Gníomhaíochtaí	Amlíne
1.1	Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn, ag feabhsú agus ag neartú na dtacaíochtaí atá ar fáil cheana laistigh de AGS	1.1.1	Treoir shoiléir maidir le conairí cisealta a fhorbairt, i gcomhpháirtíocht le <i>Lena</i> le Inspire, a léiríonn na tacaíochtaí sláinte agus folláine ó cheann go ceann. Ainm an chláir – “Do Shláinte agus d’Fholláine, Do Bhealach” – uirlisí chun rath a bhaint amach.	R2 2026
		1.1.2	Leanúint ar aghaidh ag leagan amach sainmhíniú soiléir ar cad a thairgeann gach seirbhís tacaíochta sláinte agus folláine do phearsanra an Gharda Síochána agus conas rochtain a fháil ar na seirbhísí sin	Ar Lean
		1.1.3	Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn, ag feabhsú agus ag neartú na dtacaíochtaí atá ar fáil cheana laistigh de AGS amhail an Líonra Tacaíochta Piaráí, Oifigigh Chúnaimh d’Fhostaithe, an Clár Tacaíochta d’Fhostaithe, an Clár Maoirseachta Síceolaíochta, Aip Folláine KOPS, an Clár um Gharchabhair Mheabhairshláinte, Seirbhís Sláinte Cheirde an Gharda Síochána.	Ar Lean
1.2	Sláinte agus Folláine agus Cumas Oibre a Chur Chun Cinn	1.2.1	Teagmháil leanúnach leis an mbainistíocht ar thionchar strusóirí eagraíochtúla ar shláinte agus folláine phearsanra an Gharda Síochána, trí thuairisciú ráithiúil ar strusóirí eagraíochtúla a sholáthar don bhainistíocht, trí thorthaí suirbhé, Lorgairí Cliniciúla agus treochtaí sa tSláinte Cheirde a úsáid chun tosaíochtaí a aithint	R4 2026
		1.2.2	Imeacht Sláinte agus Folláine náisiúnta bliantúil a leabú i bhféilire eagrúcháin na n-imeachtaí, chun ardán a sholáthar do mhalartú eolais agus nuálaíocht sláinte agus folláine	R2 2026
		1.2.3	Aip KOPS a chur chun cinn trí nuachtlitreacha inmheánacha agus tairseach le nuashonruithe coicíseacha le hábhar úr chun rannpháirtíocht a threisiú.	Ar Lean
		1.2.4	Clár náisiúnta i dtaca le Do Shláinte san Ionad Oibre a fhorbairt agus a sheachadadh – chun tacú le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta phearsanra uile an Gharda Síochána ar fud na seirbhíse póilíneachta trí chláir spriocdhírthe oideachais agus feasachta sláinte a sheachadadh, amhail an Meanapás san Ionad Oibre, Feasacht ar Ailse Phróstataigh, tacaíochtaí luath-idirghabhála, agus feachtais sláinte agus folláine atá	R4 2026

			ábhartha ó thaobh cultúir de.	
		1.2.5	Nuashonrú ar ainm Oifig Náisiúnta Folláine an Gharda Síochána mar chuid de Straitéis nua – Oifig Náisiúnta Sláinte agus Folláine an Gharda Síochána (GNHWO)	R2 2026

Uimh.	Spriocanna	Tag. do Gníomhaíochtaí	Gníomhaíochtaí	Amlíne
1.3	Seirbhísí a Fheabhsú	1.3.1	Tuilleadh forbartha ar an gClár Tacaíochta d'Fhostaithe – rannpháirtíocht leis an tseirbhís a mhéadú, baill foirne a spreagadh chun rochtain a fháil ar thacaíocht ag céim níos luaithe, agus muinín sa chlár a chothú tuilleadh.	Ar Lean
		1.3.2	I bhfianaise na mbrúnna uathúla a bhaineann le póilíneacht, táimid ag dúil go háirithe go n-aithneofar leis an gClár Tacaíochta d'Fhostaithe ní hamháin foinse tacaíochta in am an ghátair ach freisin seirbhís dhearfach, réamhghníomhach maidir le haire a thabhairt do shláinte agus folláine.	Ar Lean
		1.3.3	Teagmháil a dhéanamh le Coiste Siamsa agus liosta de líonraí spóirt/sóisialta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla AGS a fhoilsiú	R4 2026
		1.3.4	Ár bpróisis a fheabhsú chun rochtain thráthúil ar sheirbhísí cliniciúla Sláinte Ceirde a fheabhsú chun amanna freagartha, amanna coinne srl. a chur san áireamh.	Ar Lean
		1.3.5	Feasacht agus úsáid KOPS, an Chláir Tacaíochta d'Fhostaithe, agus an Clár um Gharchabhair Mheabhairshláinte a mhéadú.	Ar Lean
1.4	Acmhainní Reatha a Leathnú	1.4.1	Comhpháirtithe Sláinte agus Folláine Áitiúla a Leabú – Oibriú na Comhpháirtíochta Sláinte agus Folláine Áitiúla a chomhdhlúthú chun sláinte agus folláine a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil, ceannach isteach ón gcosmhuintir agus ón meánbhainistíocht a bhaint amach.	Q4 2026
		1.4.2	É a bheith mar Aidhm Comhpháirtí Sláinte agus Folláine amháin a bheith ann i ngach Rannán/Biúró/Rannóg.	R4 2026
		1.4.3	É a bheith mar aidhm go ndéanann gach Comhpháirtí Sláinte agus Folláine seisiún oideachais amháin agus tionscnamh folláine amháin a chur ar fáil in aghaidh na bliana go háitiúil	R4 2026

		1.4.4	Caighdeán Sláinte agus Folláine KOPS A fhorbairt agus a sheoladh	R1 2029
1.5	Tacaíochtaí Breise Teaghlaigh	1.5.1	Pacáiste Acmhainní Tacaíochta Teaghlaigh a chruthú do bhaill teaghlaigh phearsanra an Gharda Síochána trí Mhol Acmhainní Teaghlaigh a fhorbairt ar KOPS chun treoir a thabhairt i leith na dtacaíochtaí atá ar fáil.	R3 2026
		1.5.2	Teagmháil a dhéanamh le Hugs @ Home chun féidearthacht clár tacaíochta teaghlaigh a chur chun feidhme do phearsanra an Gharda Síochána a mheas – Scéim Phíolótach (Cistiú)	R1 2027
1.6	Clár Náisiúnta um Fholláine Airgeadais	1.6.1	Dul i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha agus le saineolaithe ábhair chun Clár Náisiúnta um Fholláine Airgeadais a fhorbairt. Ós rud é gur aithníodh folláine airgeadais mar réimse sláinte agus folláine agus gur cuireadh béim air i suirbhé sláinte agus folláine 2024, is é cuspóir an chláir feasacht a chruthú agus tacú le pearsanra an Gharda Síochána brúnna airgeadais a bhainistiú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine, ar a bhfeidhmíocht agus ar a gcoinneáil. Leis an gclár cuirfear uirlisí praiticiúla agus oideachas ar fáil chun folláine airgeadais a chothú agus cabhrófar le laghdú a dhéanamh ar an stiogma maidir le cabhair a lorg le cúrsaí airgid.	R1 2028

Réimse fócais 2: Folláine Shíceolaíoch agus Meabhairshláinte

Leanfaimid orainn ag tabhairt aghaidh ar an stiogma, ag soláthar idirghabhálacha luatha, agus ag cinntiú gur féidir lenár ndaoine rochtain a fháil ar thacaíochtaí síceolaíocha faoi rún ar ardchaighdeán aon uair agus aon áit a dteastaíonn siad uathu.

Uimh.	Spriocanna	Tag. do Ghníomhaíochtaí	Gníomhaíochtaí	Amlíne
2.1	Feasacht ar mheabhairshláinte a fheabhsú agus an stiogma a bhaineann le meabhairshláinte a laghdú agus ar rochtain ar thacaíocht laistigh de eagraíocht	2.1.1	Uirlisí folláine meabhairshláinte a sholáthar trí sheachadadh Ceardlanna i nGarchabhair Mheabhairshláinte – ar líne agus ar an láthair	Ar Lean
		2.1.2	Ceardlanna sa Gharchabhair Mheabhairshláinte a sheachadadh ag ár n-éascaitheoirí inmheánacha um Gharchabhair Mheabhairshláinte (arna gcreidiúnú mar chuid den straitéis dheireanach) i gcomhréir le spriocanna comhaontaithe gach bliain.	2026 / 2027 / 2028
		2.1.3	Ceardlanna sa Gharchabhair Mheabhairshláinte a sheachadadh tar éis Chéim 1 den tréimhse phromhaidh ag leibhéal na Rannóige do gach Garda nua faoi Oiliúint.	R4 2026
		2.1.4	Feachtas cumarsáide náisiúnta a sheachadadh trí KOPS agus Comhpháirtithe Sláinte agus Folláine áitiúla, ag tabhairt aghaidh ar eagla maidir le rúndacht agus cúinsí eagraíochtúla agus gníomhaíochtaí a ailíniú le torthaí an tsuirbhé maidir le bacainní iontaoibhe.	Ar Lean
2.2	Clár Sláinte agus Folláine Cheannaire Daoine	2.2.1	Clár tacaíochta a fhorbairt agus a sheachadadh don bhainistíocht shinsearach bunaithe ar thorthaí ón suirbhé Sláinte agus Folláine Breac-chuntas ar an gClár Samplach: – Modúl 1 – Bunrudaí don Ionad Oibre – Cuir Samhlacha Ionad Oibre Sláintiúil na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus Éire Shláintiúil i bhfeidhm agus tar ar thuiscint ar do ról san éiceachóras folláine. – Modúl 2 – Comhráite Éifeachtacha – Máistreacht a fháil ar an tsamhail maidir le SEICEÁIL ISTEACH le haghaidh díospóireachtaí struchtúrtha maidir le cúrsaí sláinte agus folláine agus foghlaim cén uair le dul i dteagmháil le seirbhísí tacaíochta. – Modúl 3 – Ualach Oibre agus Teorainneacha – Cuir an prionsabal aisghabhála chun feidhme agus cuir chuige "Ceart chun Dícheangail" a oibríonn i ndáiríre a chur i bhfeidhm. – Modúl 4 – Cleachtais Foirne – Cleachtais sláinte agus folláine inbhuanaithe a chruthú a chomhtháthaíonn le próisis oibre atá ann cheana féin, ní mar bhreiseáin. – Modúl 5 – Sábháilteacht Shíceolaíoch – Sábháilteacht a thógáil ag baint úsáid as creat taighde Edmondson in éineacht le teicnící cumarsáide praiticiúla.	R1 2027 / R4 2028

			– Modúl 6 – Tionchar a Thomhas – Úsáid a bhainy as cur chuige simplí, éifeachtach chun dul chun cinn a rianú agus timthriallta feabhsúcháin leanúnacha a chruthú. "	
		2.2.2	Clár Féinchúraim Sláinte agus Folláine a fhorbairt – Tuirse, Cothú, Aclaíocht, Naisc, Timpeallacht nádúrtha.	R4 2026

Uimh.	Spriocanna	Tag. do Ghníomhaíochtaí	Gníomhaíochtaí	Amlíne
2.3	Ceardlanna Sícoideachais	2.3.1	Ceardlanna Síceolaíochta a fhorbairt, i gcomhpháirtíocht le <i>Lena</i> le Inspire, mar bhealach éifeachtach chun tacaíocht a chur ar fáil don phearsanra a bhfuil baint acu le cásanna trámacha. Beidh na ceardlanna bunaithe ar dhea-chleachtas do chúram iar-theagmhais agus éascóidh speisialtóirí cliniciúla a bhfuil taithí acu ar chúram tráma-bhunaithe i gcomhar le hOifigigh Chúnamh d'Fhostaithe inmheánacha iad. Is é is aidhm leo freagairtí tráma síceolaíocha a normalú agus conairí tacaíochta a chur chun cinn.	R1 2027
2.4	Glacadh leis an gclár de chuid FSS “Make Every Contact Count”	2.4.1	Glacadh leis an gclár de chuid FSS “Make Every Contact Count” mar chuid de sheachadadh seirbhísí sláinte ceirde cliniciúla.	R3 2026
		2.4.2	Imní faoi shláinte agus folláine shíceolaíoch a fhiosrú i gcomhthéacs teagmháil chliniciúil agus a chinntiú go ndéantar pearsanra an Gharda Síochána a threorú chuig tacaíochtaí cuí de réir mar is gá	R3 2026

Réimse fócais 3: Sláinte Fhisiciúil

Cuirfimid timpeallacht oibre shláintiúil chun cinn, spreagfaimid féinchúram agus iompraíochtaí coisctheacha sláinte, agus cuirfimid tionscnaimh shainoiriúnaithe sláinte coirp ar fáil a bhaineann le héilimh na ról póilíneachta.

Uimh.	Spriocanna	Tag. do Ghníomh aíochtaí	Gníomhaíochtaí	Amlíne
3.1	Tacú le Sláinteachas Codlata i measc Phearsanra AGS	3.1.1	Feachtas “Codladh Cliste” a fhorbairt agus a sheachadadh trí dhá mhodúl oideachais sláinteachais codlata shaincheaptha a chruthú do phearsanra AGS atá curtha in oiriúint do uainchláir oibre neamh-aistrithe agus uainchláir sealobaire	R3 2026
3.2	Sláinte Fhisiciúil a chur chun cinn	3.2.1	An clár “Movements that Matter” a sheoladh chun soghluaisteacht fhisiciúil a chur chun cinn le linn na n-uaireanta oibre, sláinte fhisiciúil a chur chun cinn agus rioscaí matánchnámharlaigh a laghdú.	R2 2026
3.3	Aiste bia sláintiúil a chur chun cinn	3.3.1	Treoir chothaithe “Fuel to Perform” a fhorbairt agus a fhoilsiú do bhaill foirne ar shealobair agus do bhaill foirne nach mbíonn ar shealobair – Comhairle chothaithe nuashonraithe do phearsanra AGS chun díriú ar aistí bia sláintiúla a chumasú agus bacainní luaite a dtagraítear dóibh sa Suirbhé Sláinte agus Folláine a bhaint.	R4 2026
		3.3.2	Meaisíní díola áitiúla agus roghanna ceaintín a athbhreithniú agus a athnuachan i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe sláinte agus folláine áitiúla.	R1 2029
3.4	Glacadh leis an gclár de chuid FSS “Make Every Contact Count”	3.4.1	An clár de chuid FSS “Make Every Contact Count Programme” a ghlacadh mar chuid de sheachadadh seirbhísí sláinte ceirde cliniciúla chun seiceáil isteach ar stíl mhaireachtála a chur san áireamh le linn coinní Sláinte Ceirde	R3 2026
		3.4.2	Imní faoi shláinte fhisiciúil a fhiosrú i gcomhthéacs teagmháil chliniciúil agus a chinntiú go ndéantar pearsanra an Gharda Síochána a threorú chuig tacaíochtaí cuí de réir mar is gá	R3 2026

Réimse fócais 4: Ceangal agus Cumasú

Cuirfimid le cultúr eagraíochtúil a thugann tús áite do mhuinín, do chuimsiú agus do mheas trí thacú le daoine aonair agus le foirne ina dturais sláinte agus folláine.

Uimh.	Spriocanna	Tag. do Ghníomh aíochtaí	Gníomhaíochtaí	Amlíne
4.1	An Clár Ceangail agus Cosain	4.1.1	Feachtas um chur chun cinn sláinte oideachais a fhorbairt chun oideachas a chur ar an tábhacht a bhaineann le freagracht phearsanta agus féinchúram do shláinte agus d'folláine agus an tionchar a bhíonn aige sin ar an saol laistigh den obair.	R3 2028
		4.1.2	An Clár Ceangail agus Cosain a sheoladh – clár féinchúraim a bhaineann go sonrach leis an bpóilíneacht, lena bhfeabhsaítear naisc leis an duine féin, le daoine eile agus leis an gcomhshaol nádúrtha d'fhonn sláinte agus folláine a bharrfheabhsú agus forbairt phearsanta a thógáil. Clár féinchúraim agus cumhachtaithe a bhaineann go sonrach leis an bpóilíneacht: - Ceangail leis an duine féin: faisnéis mhothúcháin, féinfheasacht - Ceangail le daoine eile: comhbhá, cúirtéis, obair foirne - Ceangail leis an dúlra: talamh, cothromaíocht, téarnamh	R2 2027
		4.1.3	Tacú le Timpeallacht Dheimhneach Oibre – Tacú le modúl a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le P&D lena sheachadadh trí chomhpháirtíocht áitiúil ar thábhacht na sibhialtachta agus na coláisteachta san ionad oibre.	R1 2028
4.2	Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna foghlama ó thaithí chomhroinnte eagraíochtaí gormsholais eile na hÉireann	4.2.1	Comhpháirtíocht oibre a bhunú le heagraíochtaí freagartha éigeandálaí/solas gorm na hÉireann lena n-áirítear Óglaigh na hÉireann, paraimhíochaineoirí, agus an Bhriogáid Dóiteáin chun deiseanna foghlama a chruthú	Ar Lean
4.3	Chomhpháirtíocht um Shláinte Cheirde agus Acmhainní Daonna (Daoine agus Forbairt)	4.3.1	Samhail oibre chomhordaithe a bhunú idir Acmhainní Daonna agus Sláinte Cheirde chun conair tacaíochta luath-idirghabhála aonair a sholáthar d'fhostaithe agus do bhainisteoirí. Áireofar leis sin próisis atreoraithe chomhroinnte, comhbhainistíocht cásanna maidir le neamhláithreachta chasta, prótacail chomhroinnte faisnéise chomhaontaithe, treoir bainisteora chomhcheangailte agus cruinnithe athbhreithnithe seirbhíse rialta. Ag baint úsáid as sonraí ailínithe agus cinnteoireacht chomhoibríoch, cuirfidh an chomhpháirtíocht bainistíocht neamhláithreachta réamhghníomhach chun cinn chun feabhas a chur ar eispéireas fostaithe, rud a chuireann ar chumas filleadh go tráthúil ar an obair agus a fheabhsaíonn cáilíocht agus comhsheasmhacht fhoriomlán tacaíochtaí sláinte agus folláine ar fud na heagraíochta.	Ar Lean
		4.4.1	Feabhas a chur ar chomhpháirtíocht leis an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc lena chinntiú go bhfuil treoir agus saineolas cothrom le dáta ag an eagraíocht sa réimse sin.	Ar Lean

4.4	Comhpháirtíochtaí Oibre	4.4.2	Leanúint ar aghaidh ag obair le Éire Shláintiúil agus a gcuid oibre ar an gCreat um Ionad Oibre Sláintiúil.	Ar Lean
		4.4.3	Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach leis an bhFóram Páirtithe Leasmhara Sláinte agus Folláine.	Ar Lean

Uimh.	Spriocanna	Tag. do Ghníomhaíochtaí	Gníomhaíochtaí	Amlíne
5.1	Mír bhreise APSFF		Leanúint ar aghaidh ag tacú le Cistiú Tiomnaithe le haghaidh Sláinte agus Folláine – Tionscadal airgeadais – de réir Doiciméad Chéim Scálaithe APSFF: “plean a fhorbairt chun an Straitéis Sláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm ar fud AGS le cistiú tiomnaithe” (tá sé le feiceáil ar dtús in APSFF mar “Acmhainní a ailíniú chun tacú le beartas PSRS”). Is é an moladh ábhartha ó COFPI ná “Molaimid go gcuirfear cistiú tiomnaithe ar fáil chun clár folláine (Sláinte agus Folláine) agus cur chuige réamhghníomhach i leith fholláine (Sláinte agus Folláine) phearsanra uile an Gharda Síochána a chur ar fáil, faoi mhionn agus gan a bheith faoi mhionn	Ar Lean

Uimh.	Spriocanna	Tag. do Ghníomhaíochtaí	Gníomhaíochtaí	Amlíne
6.1	Suirbhé ar Sheiceáil Isteach		Smeachshuirbhé ar Shláinte agus Folláine a dhéanamh go luath in 2028 chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach agus atá an eagraíocht ag freastal ar riachtanais sláinte agus folláine a muintire. Sa suirbhé seo tabharfar léargais luachmhara ar leibhéil reatha sláinte agus folláine, leagfar béim ar réimsí ratha, agus sainaitheofar aon riachtanais nó tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Beidh na torthaí mar bhonn eolais ag forbairt leanúnach ár Straitéis Sláinte agus Folláine agus cabhróidh siad le cláir agus tionscnaimh sláinte agus folláine spriocdhírith a mhúnlú lena chinntiú go bhfanfaidh tacaíocht ábhartha agus go mbeidh tionchar aige go 2030.	R1 2028

Aitheantas

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo siúd go léir a chuidigh le forbairt na Straitéise Sláinte agus Folláine seo.

- Rúnaí Cúnta Ginearálta, Cumann Ionadaíoch an Gharda Síochána
- Fórsa
- Rúnaí Ginearálta an Fhórsa, Cumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána
- Cumann Cheannfoirt an Gharda Síochána
- Cumann na Seirbhíseach Uachtarach agus Poiblí Stáit
- Cumann na nArd-Cheannfort
- Daoine agus Forbairt – Caidreamh Fostaithe
- Daoine agus Forbairt – Sláinte agus Sábháilteacht
- Daoine agus Forbairt – Stiúrtóireacht Acmhainní Daonna
- Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe an Gharda Síochána
- Comhpháirtithe Sláinte agus Folláine (ina gcáil aonair)
- Biúró Cultúir agus Eitice
- Seirbhís Sláinte Ceirde an Gharda Síochána
- Coláiste an Gharda Síochána
- An Oifig um Chlaochlú Straitéiseach
- Seirbhís Sláinte Ceirde an Gharda Síochána
- Coiste Siamsa an Gharda Síochána

Bhí na príomh-rannpháirtithe ina mbaill den Fhóram Páirtithe Leasmhara Sláinte agus Folláine, a bunaíodh in 2019. Is é aidhm an Fhórait deis a thabhairt do phríomhpháirtithe leasmhara cur leis an tionscadal. Leis an gcur chuige comhoibritheach sin fágadh go bhféadfaí smaointe agus plé a mhalartú i measc páirtithe leasmhara a rachaidh chun tairbhe gach pearsanra sa Gharda Síochána sa deireadh.

Tá athrú tagtha ar ionadaíocht aonair ar an bhFóram le linn chur chun feidhme na Straitéise Sláinte agus Folláine.

Ailínithe Straitéiseacha

Tá an straitéis seo ag teacht leis na straitéisí / pleananna seo a leanas –

Plean Straitéiseach an Gharda Síochána do 2026 go 2028

[CLEAN – Plean Straitéiseach an Gharda Síochána 2026–2028 17.12.25](#)

Sa Phlean Straitéiseach seo leagtar amach a bhfuil ar intinn againn don eagraíocht do na trí bliana díreach romhainn, a bheidh dírithe ar ár dtiomantas seirbhísí póilíneachta agus slándála éifeachtacha a sholáthar agus lena mbainfear ár misean amach maidir le Daoine a Choinneáil Sábháilte.

Leagtar amach sa phlean seo freisin an chaoi a ndéanfar infheistíocht inár gcumas mar eagraíocht agus an chaoi a bhfeabhsófar an cumas sin, agus ár ndaoine i gcroílár na hoibre.

An Fhís a Roinnt: Polasaí Meabhairshláinte do Chách

[Plean Forfheidhmithe Rialtas na hÉireann 2025 – 2027 - Ag Comhroinnt na Físe - Beartas Meabhairshláinte do Chách](#)

Ní hé an uaillmhian atá le Ag Roinnt na Físe – Beartas Meabhairshláinte do Chách (2020-2030) seirbhísí agus tacaíochtaí meabhairshláinte a fheabhsú dóibh siúd a dteastaíonn siad uathu agus chun é sin amháin a dhéanamh, ach an bealach a mbreathnaímid ar mheabhairshláinte sa tír seo a athrú go bunúsach. Is é is aidhm do Ag Roinnt na Físe na daoine a úsáideann seirbhísí agus a dteaghlaigh a chur chun tosaigh agus i lár ár bhfócais.

Bealaí chun Folláine – Plean Náisiúnta um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte

[Bealaí chun Folláine – Plean Náisiúnta um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte](#)

Is é “Bealaí chun Folláine” an chéad phlean tras-rialtais in Éirinn chun meabhairshláinte agus folláine a fheabhsú ó 2024 go 2030, agus é mar aidhm aige meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn do gach duine ar fud an daonra.

Creat Ionad Oibre Sláintiúil

[Éire Shláintiúil ag an Obair – Creat Náisiúnta d'Ionaid Oibre Sláintiúla in Éirinn](#)

Bíonn tionchar díreach ag ionaid oibre ar fholláine fhisiciúil, mheabhrach, eacnamaíoch agus shóisialta na n-oibrithe agus, ar a seal, ar shláinte a dteaghlaigh, a bpobal agus na sochaí. Agus níos mó ná dhá mhilliún duine

fostaithe in Éirinn, cuireann an t-ionad oibre suíomh agus bonneagar idéalach ar fáil chun tacú le cur chun cinn na sláinte agus na folláine do lucht féachana mór.

Déan teagmháil le hOifig Náisiúnta Sláinte agus Folláine an Gharda Síochána ag Well.Team@garda.ie chun tuilleadh eolais a fháil.



An Garda Síochána

Ag Coinneáil Daoine Sábháilte - Keeping People Safe

AG COINNEÁIL TACAÍOCHTA ANN DÁR BPOBAL

Well.Team@garda.ie

OccupationalHealth@garda.ie